# Coláiste Daibhéid

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Eagrán 7 – Bealtaine 2014

## Daltaí na Céad Bliana 2013/2014



Ciarraí



Aontroim



# Focal ón bPríomhoide

100% de na daltaí ag deánamh ardleibhéal Béarla, 100% de na daltaí ag deánamh ardleibhéal Gaeilge, 70% ag deánamh ardleibhéal Mata- sin mar a bhí na céatadáin dos na daltaí a dhírigh ar an Teastas Sóisearach i 2013. 16 – an méid ábhair atá ar fáil san Ardteist do dhaltaí. 12 : an méid bunscoileanna a bheidh ag seoladh daltaí chugainn an bhliain seo chugainn. 245- an líon dalta a bheidh sa scoil i 2014/15. Bíonn staitisticí ann do gach uile scoil. Nuair a bhuaileann tuismitheoirí liomsa agus iad ag fiosrú faoi áit a fháil sa chéad bhliain dá bpáiste nó malartú ó scoil eile ní lorgaíonn siad na staitisticí sin. Tagann siad chugam agus iad cinnte faoin ard-chaighdeán acadúil atá sa scoil. An rud a thugann chugainn iad ná an rud sa bhreis atá againn anuas ar an acadúlacht- sin le rá spiorad an phobail. Dar leis na tuistí seo díríonn Coláiste Daibhéid ar an duine, ar na buanna agus ar na laigí atá aige nó aici níos fearr ná áiteanna eile Dar leo déanfaimid ár seacht ndícheall chun a chinntiú go mbaineann ár ndaltaí a spriocanna pearsanta agus sóisialta amach mar aon lena spriocanna acadúla.

Is sibhse, na daltaí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí ba chúis leis seo. Nuair a thagann daltaí chugainne ní thagann siad toisc gurb í an scoil is cóngaraí, nó an scoil is aisiúla dóibh í. Tá siad toilteanach eirí beagáinín níos luaithe agus taisteal beagáinín níos faide toisc an fhiúntais agus an luach sa bhreis a fhaigeann siad sa scoil. Mar aon leis sin is sibhse na daoine a scaipeann an dea-theachtaireacht- sibhse scéalaí ár linne. In ainneoin daoibh fhéinig nuair a ghlacann sibh páirt i gcluiche, nuair a fhilleann sibh ar bhur mbunscoileanna, nuair a ghlacann sibh páirt i gcomórtaisí le Gaeltaca, Mionchomhlacht, Tráth na gCeist, nuair a ghlacann sibh an deis chun freastail ar Beijing nó ar an Róimh fiú, tá sibh ag scaipeadh ár dteachtaireacht, ár mbun-spiorad.

Níl san iriséan seo ach sracfhéachaint ar na clocha beaga ar fad a threisíonn an scoil seo. Toisc an suíomh idirlín nua tá an t-eolas is nua-aimsearaí chun bheith ar an bhfód níos tapúla agus níos minicí. Tabharfaidh sé aitheantas laethúil don iarracht laethúil. Ní tré thimpiste atá 'Mol an óige..' scríofa faoin gcuntar sa phríomhoifig.

Mo bhuíochas dos na múinteoirí ar fad a chaith a gcuid ama ag socrú na daltaí dos na scrúduithe agus do na h-imeachtaí scoile eile. Céad fáilte roimh ár Leas-Phríomhoide nua, Pól Ó Síodhcháin, atá tar éis a rian a fhágaint ar an scoil cheana féin.

Mar fhocal scoir ba bhréa liom buíochas a ghabháil do Bhean Uí Laoghaire a bheidh ag eirí as ag deireadh na bliana. Tá sí tar éis reabhlóid scribhneoireachta a thosnú sa scoil seo nach gcríochnóidh go deo. Mar a dúradh i haiku tráth:

'tús aistir-
ní heol do na scamaill
fad an chúrsa'

100% of students taking higher level English, 100% taking higher level Irish, 70% taking higher level Maths- those are the percentages behind the Junior Certificate students of 2013. 16- the number of subjects available to Leaving Certificate students. 12- the number of Primary schools sending students to us next September. 245- the number of students that will attend Coláiste Daibhéid in 2014/15. Every school has its' statistics. However when a parent meets with me to enquire about a place in first year for his/ her son or daughter, or indeed to enquire about a transfer into the school it is not the statistics that they talk about. They take it as granted that we have a high academic standard in the school. What brings them to us is the 'extra' aspect we have here in Coláiste Daibhéid- the spirit of the community. According to these parents Coláiste Daibhéid deals with the individual better than most, and focuses on both the strengths and weaknesses of students. According to them we go that extra bit to assist the members of our school community to reach their personal and social goals as well as their academic ones.

It is you, the student, the teacher, the parent who is responsible for this spirit. It is no wonder that when a student comes to us it is not because this school is the closest or the handiest for them. He or she is willing to get up that bit earlier and travel that bit further because of the extra values and extra worth that exists in the school, and is shown to and by them. You the students are our storytellers who spread the positive message of this school. Unknown to you when you take part in a match, or return to your Primary school, or take part in a Gaeltaca competition, or Mini-Company or a Quiz, or when you take the opportunity to travel to Beijing or Rome, you are spreading the school message, the basic school spirit.

This publication is a snapshot of the small pieces that together makes this school, our school, strong. As a result of the newly launched website we can share the activities of the school more often. It will allow us to recognise the daily effort on a regular basis. It is not by accident that 'Mol an Óige' is written on the counter in the main office.

My thanks to all the teachers who have spent such an amount of time in preparing the students for exams and for the other school activities. I would like to officially welcome our new Deputy Principal, an t-Uasal Pól Ó Síodhcháin, to the school.

Finally I would like to express my sincere thanks to Bean Uí Laoghaire who is retiring at the end of this academic year. Gabriel Rosenstock once wrote:

'tús aistir-
ní heol do na scamaill
fad an chúrsa'

*Tadhg Ó Laighin*

# Imeachtaí na hIdirbhliana 2013-2014

Ghlac rang na hidirbhliana páirt i réimhse leathan d'imeachtaí ó thus go deireadh na scoilbhliana. I Mí Mheán Fómhair chaitheadar dhá lá i gCnoc Mheilearaí agus an turas a bhaineann le Gaisce a chur i gcrích acu. Shiúileadar thart ar 30 km le linn an ama a chaitheadar ann. Bhaineadar an-sult as.

D'fhreastail siad ar taispeántas a bhí eagraithe ag na Gardaí Síochána faoi shábháilteacht ar na bóithre. Ag deireadh na cainte bhíodar ar fad an-eolach faoin ábhar. Chun cur lena gcuid eolais chaitheadar lá i gCampas Tiomána na Mumhan atá lonnaithe gar do Mhala. Bhí seisiún tiomána ag gach duine acu. Leagadh béim ar an Scrúdú Teoirice Tiomána agus fiú amháin múineadh dóibh conas bonn a athrú. Bhí am den chéad scoth acu ann agus bhí na daltaí go léir a mholadh go hard na spéire.

Tugadh cuairt ar roinnt comhlachtaí i rith na bliana ar nós Janssen agus Stryker agus cuireadh fáilte Uí Cheallaigh rompu. Fad a bhí siad sa chomhlacht Stryker cuireadh gach dalta faoi mion-agallamh agus tugadh léargas dóibh ar na táirgí a bhíonn á dtáirgeadh acu ann. Míle buíochas dos na hoibrithe ann a bhí toilteanach a gcuid ama a chur ar fáil go deonach, roinnt dóibh tar éis obair na hoíche a dhéanamh! Míle buíochas do Junior Achievement Ireland freisin a shocraigh na cuairteanna seo! Bhí na daltaí an-tógtha leo.

Tá an t-ádh linn go bhfuil gaol láidir againn le UCC agus CIT. Tá daltaí na hidirbhliana tar éis páirt a ghlacadh i réimhse leathan cúrsaí i rith na bliana, ina measc seachtain ríomhaireachta, seachtain fisice, seachtain eolaíochta agus tréimhse innealtóireachta freisin. D'éirigh le beirt dul go dtí an tSeapáin le linn laethanta saoire na Cásca agus iad faoi stiúir an Institiúid Confucius.

Imeachtaí eile a bhí ar siúl i mbliana ná turas go Uaimh Bhaile Mhistéala, Féile Scannáin, Cloigín na Cathrach, Scala, Clár Common Purpose agus Wagamama. Glacadh páirt i gceardlann filíochta faoi stiúir Doireann Ní Ghríofa. Foilsíodh saothar na ndaltaí le linn Seachtain na Gaeilge agus thugadar cuairt ar Oifig an Ard-Mhéara agus an leabhar á bhronnadh.

Bhí roinnt modúil nua againn i mbliana; cic-dornalaíocht, teicneolaíocht cheoil agus puipeadóireacht. D'éirigh thar barr leis an dream a bhí bainteach leis an mion-chomhlacht. Shroicheadar an Craobh Réigiúnach lena dtáirge- Tarraing É (cluiche cártaí) agus bhuaigh siad an duais don Fhiontraí is Ráthúla.



# Imeachtaí na hIdirbhliana 2013-2014














# Cúrsaí Seapánacha



Aoife agus Amy ag cleachtadh Shodo.



Thug an tUasal Yamada ón Ambasáid Seapánach cuairt ar an scoil i rith na bliana.



Daltaí na hArdteiste agus éadaí traidisiúnta ón tSeapáin á chaitheamh acu.



Nicole de Baróid (6ú bliain) in éineacht leis an múinteoir Seapáinise, Iníon Uí Dhálaigh. Tháinig Nicole sa tarna áit i gcomórtas Seapáinise.



Muintir na hIdirbhliana i mbun origami.

# Fiche Bliain ag Fás

Tá Coláiste Daibhéid ag céiliúradh fiche bliain ar an bhfód i mbliana. Bhí ana-chuid imeachtaí ar siúl chun an éacht seo a chomóradh i rith na scoilbhliana seo. Cuireadh tús leis an gcéiliúradh ar an 24ú Deireadh Fómhair le "Lá Feisteis Bréige". Déanadh an-iarracht ar fad agus bronnadh duaiseanna ar na buaiteoirí ó gach rang.

Nochtadh mana na scoile chomh maith ar an lá:

**Bí Dearfach, Bí Tuisceanach, Bí Gaelach, Bí Láidir, Bí Linn.**



















## Bats

At dusk
A quick and quiet darting
Little shadows merge
Drift and separate
Like clouds.

With a tattered elegance
All night long
They dance to cricket-song
Disturbing the moon
Speaking and finding
In a twilight other-world.

Unearthly little messengers
Have you lost your way?

Ghostly night scraps
With folded, tight faces
Silently, you scream in the dark.

But why should I fear
Such frail, beautiful comets?

*Sophie Nic Coinnigh*

## A Cry for Help

Now
While I write
With this pen
Somewhere
Lie men
Who are dead
Or crying for help.

So do not pity yourself
'Cause somewhere
Someone's house melts
While a young boy cries
For help.

So imagine what's
Going on
In this child's head
As he knows
His family is dead.
Now he has no
Way to get fed
'Cause his family
Is dead

*Calum Ó Buacháin*

# Seachtain Filíochta


Mar chuid den chéilliúradh fiche bliain, cuireadh seachtain filíochta ar siúl ag tús Mí na Nollag. Bhí ceardlann scríobhnóireacta curtha in eagar agus bhain na daltaí an-taitneamh agus fiúntas as. Bhí dán an lae ar an bhfalla go laethúil agus rinne Rang Doire sa dara bhliain crann filíochta agus thug siad "The Poet-tree" air. Scríobh daltaí ó gach rang sa scoil líne ó dán a thaithin leo ar duilleoga páipéir agus chroch siad na duilleoga ar an gcrann. Lean an crann "ag fás" i rith na bliana.







# Comórtas Clár Raidió Gael Linn 2014




I mbliana chuir daltaí isteach ar Chomórtas Clár Raidió Gael Linn mar chuid de cheiliúradh fiche bliain na scoile. Ba iontach an eispéaras é go speisialta ar an ábhar gur bhuaigh an scoil an duais náisiúnta sa chomórtas céanna sa bhliain 2001 lena gclár Póg FM. Ba é an dúshlán a bhí roimh na daltaí ná clár cainte 20 nóiméad ar fhad a chur le chéile a bheadh oiriúnach le craoladh ar Raidió na Gaeltachta. Ba é téama agus teideal ár gcláir ná 'Fiche Bliain ag Fás, Fiche Bliain faoi Bhláth i gColáiste Daibhéid.' Thug an clár blas d'éisteoirí de shaol an dalta i gColáiste Daibhéid. Bhí mír sa chlár faoi chúlra na scoile agus Mícheál Mac Daibhéid, chomh maith le hagallaimh le daltaí éagsúla faoi ghníomhaíochtaí eischuraclaim go mbíonn siad páirteach iontu - an scríbhneoireacht chruthaitheach, aithris filíochta agus comórtas mionchomhlachtaí ach go háirithe. Is comórtas bliantúil náisiúnta é comórtas Gael Linn le dhá rannóg - rannóg amháin do Ghaelcholáistí agus rannóg eile do mheánscoileanna Béarla. Ba iad seo a leanas foireann an chláir: láithreoir: Michaela de hÍde, léiritheoir: Dylan Lee Ó Conaill, tuairisceoirí agus taighdeoirí: Seán Ó Riabhaigh - Mícheál Mac Daibhéid agus Ainmniú na Scoile, Sophie Nic Coinnigh - An Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Aithris Filíochta, Cathal Ó Tuirnéir - An Mion-Chomhlacht 'Tarraing É'. Ar deireadh sholáthar grúpa ón gcéad bhliain ceol don chlár: Cormac Towe, Jade Ní Longáin, Aoife Nic Cárthaigh agus Éadaoin Jauch.

# Comórtas Aiste Staire trí Mheán na Gaeilge



Sa téarma deireanach den scoilbhliain seo caite ghlac seachtar ó bhliain a cúig páirt i gComórtas Aiste Staire trí Mheán na Gaeilge, a eagraíonn Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann go bliaintiúil. An dúshlán a bhí rompu ná aiste acadúil de 1,000-1,500 focal a chlóbhualadh ar a rogha ábhair staire. Bhí orthu taighde a dhéanamh ag baint úsáide as trí bhunfhoinse ar a laghad, le fonótaí agus leabharliosta – díreach cosúil leis an Tionscadal Taighde a dhéanann daltaí staire don Ardteist. Bíonn an comórtas seo dírithe ar dhaltaí mheánscoileanna Gaeltachta agus ar dhaltaí na nGaelcholáistí le dhá dhuais le buachaint. D'oibrigh na daltaí go díograiseach agus scríobh siad ar ábhair éagsúla a raibh suim acu iontu. Ba iad an seachtar a ghlac páirt agus na haistí a scríobh ná: Liam Ó Foghlú, Cath na hIútlainne, Dónal Ó Drisceoil, Ról Karl Brandt sa Chóras Eotanáise Naitsíoch, Rebecca Ní Bhriain, An Cuntaois Markievicw – A Cúiseanna Polaitiúla agus Sóisialta, Seán Mac Cárthaigh, Oíche na Sceana Fada – Cén Fáth gur Tharla Sé?, Marc Ó Puirséil, An Saol i nGeiteo Warsaw, Seán Ó Riabhaigh, Ról Kevin Barry i gCogadh na Saoirse agus a Bhás agus Aindriú Ó Riain-Crualaoi, Ról Joachim von Ribbentrop sa Chomhaontú Naitsí-Shovéideach 1939. Dúirt Iar-Uachtarán, Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann, Maureen Cooney, go raibh obair na ndaltaí seo 'ar ard-chaighdeán ar fad'. D'éirigh le hAindriú Ó Riain-Crualaoi an dara duais a bhaint amach – seic do chéad euro. Tá ceathrar eile tar éis cur isteach ar an gcomórtas arís i mbliana agus fógrófar na torthaí díreach roimh laethanta saoire an tSamhraidh. Gach rath orthu!

# Ceardlann Caith Amach É do Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteiste







D'fhreastail daltaí na hArdteiste ar sheó grinn bunaithe ar na fiche sraith pictiúir don bhéaltriail Ghaeilge i mbliana. Bhí sé bríomhar, barúil agus spreagúil, lán le stíleanna éagsúla drámaíochta, ceol, puipéidí, agus idirghníomhíocht. Spreag na gníomhaíochtaí na daltaí chun labhairt ar bhealach an-spraoiúil agus an-nadúrtha. Ba ullmhúchán iontach é. Chuaigh na daltaí go Scoil na nUrsalach, An Charraig Dhubh chun an cheardlann a dhéanamh. Tháinig cailíní na nUrsalach isteach chun éisteacht leis an séú bliain agus iad ag caint. Chuaigh David Beckham, Niall Horan, Barack Obama agus Daniel Craig faoi scrúdú na béaltrialach freisin.

# Lá Sláinte 2014

Ar an 14ú lá de Samhain, bhí Lá Sláinte againn ar scoil. Tháinig aoi speisialta chuig an scoil chun an lá a thosnú. Labhair Séan Óg Ó hAilpín faoin a shaol agus a éachtaí spórtúla. Shínigh sé aon nithe a bhí ag na daltaí agus d'fhreagair sé aon cheisteanna a bhí acu chomh maith. Thaitin sé go mór le gach uile duine.

I rith an lae bhí an scoil go léir ag glacadh páirte i gníomhaíochtaí difriúla. Bhí rang mór Zumba againn lasmuigh le na daltaí agus na múinteoirí go léir. Sa tráthnóna, bhí cluiche cispheile idir roinnt múinteoirí agus Comhairle na nDaltaí, go drochuaire bhí an bua ag na daltaí!! Chuir réaltaí spóirt na scoile taispeántas ar siúl do dhaltaí an Chéad agus an Tarna Bliain. Tá an tallann spóirt ag daoine sa scoil seo thar barr!

Ó thaobh na Sláinte de, bhí cuairteoirí ón 'Togher Link Up' ag caint leis an Idirbhliain faoi mí-úsáid alcóil agus drugaí. Chomh maith le sin bhí torthaí agus uisce ar fáil do na daltaí go léir ag am lóin. Bhí cluichí agus tráth na gceist ag baint le sláinte ar siúil 'sna ranganna don lá ar fad. Bhí lá iontach againn agus táimid ag tnúth leis an gcéad cheann eile!!







# Turas Tíreolaíochta Bl.1 Déardaoin 27ú Márta 2014

Bhí lá an-taitneamhach ag Bliain 1 ar an 27ú Márta. Dheineadar staidéar ar Lúbanna ar Abhainn na Laoi ar maidin. As go brách leo ansan go Lee Valley Harbour 's chuadar i mbun gníomhaíochtaí don iarnóin. Ghlacadar páirt i dteicnící iascaireachta, kayakadóireachta agus bádóireachta ar Thaiscumar na Laoi taobh thiar de Damba Inis Cara.

First Year Students had a very enjoyable day on March 27th They studied Meanders on the River Lee in the morning. They went on to Lee Valley Harbour where they took part in activities for the afternoon. Students did fishing techniques, kayaking and boating on the Lee Reservoir behind Iniscarra Dam.













# CÚRSAÍ EOLAÍOCHTA Cansat 2014



Is comórtas é Cansat, comórtas atá eagrathe ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa chun chur le h-eolaíocht agus innealtóireacht i measc déagóirí. Caithfear ciorcad a chruthú agus a chlárú chun teocht agus brú atmaisféarach a fháil agus an ciorcad a chur i gcanna 330ml. Bhí ar an gcanna eolais a chur go dtí ríomhaire gan sreang a úsáid. Rinne an satailít a tástáil trí úsáid a bhaint as 'drone'. Scaoileadh an canna saor thart ar seasca méadar ós cionn na talún. Bhí ar na daltaí paraisiút a réiteach ionas go dtitfeadh sé chun talún gan damáiste a dhéanamh dó. Tar éis sin bhí ar na daltaí cur í láthair a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh agus faoin tionscadal ar fad. D'éirigh leis na daltaí áit a bhaint amach i gCraobh na Mumhan ach in ainneoin gur éirigh leis na daltaí misean ráthúil agus cur i láthair maith a dhéanamh, níor éirigh leo áit a bhaint amach i Comórtas Uile Éireann. Foghlaimíodh an-chuid i rith an tionscnaimh cé go raibh sé dúshlánach, bhí sé taitneamhach.



Cansat is a competition, organised by the European Space Agency (ESA), to promote science and engineering among teenagers. The goal of the competition is to create a weather satellite that is small enough to fit in a standard 330ml can. A circuit had to be created and programmed to measure temperature and pressure. It had to fit in to a 330 ml can and had to send data back wirelessly from a height of 100m to a computer. The satellite was launched using a drone and dropped from a height of sixty meters. The students also had to design a parachute to allow the can to safely return to ground. Finally the students had to make a presentation on their data and the entire project of construction, programming, testing, data obtained and ideas for improvement

The students qualified for the Munster final but in spite of having a successful mission did not qualify for the all-Ireland competition. However much was learned and the students enjoyed the challenge.







## Comhdháil Buntáiste Breise na Gaeilge

D'fhreastail daltaí na hArdteiste ar Chomhdháil Bhuntáiste Bhreise na Gaeilge i mbliana. Seimineár fos-taíochta do dhaltaí meánscoile a bhí ann. Le linn an tseimineáir pléadh na buntáistí breise a thugann an Ghaeilge duit agus tú ag dul i mbun do ghairme beatha. Bhí cur i láthair ó aoichainte-oirí éagsúla agus bhí deis ag na daltaí ceisteanna a chur orthu. Ar na haíonna a bhí i láthair bhí Seán Óg Ó hAilpín, Lisa Ní Laoire - iaraisteoir le Ros na Rún (agus iardhalta de chuid Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa), Maeve Quill - lé-iritheoir sraithe ar Laochra Gael agus GAA Beo agus Adrian Breathnach - príomhoide Ghaelscoil Pheig Sayers.






# Eolaithe Na Séú Bliana

## Aindriú, Bailey agus Diarmuid



**Cad iad na hÁbhair Eolaíochta atá agaibh don Ardteist?**

Aindriú : Ceimic, Fisic agus Mata (Ard)

Bailey: Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic agus Mata (Ard)

Diarmuid: Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic agus Mata (Ard)

**Cén cúrsa ollscoile atá roghnaithe agaibh?**

Aindriú : Ceimic i UCC

Bailey: Leigheas i UCC

Diarmuid: An Mhatamaitic i UCC

**Cad a mhúscail bhúr suim san eolaíocht?**

Aindriú : Is breá liom a bheith ag obair le huimhreacha agus figiúirí.

Bailey: Bhí suim agam i gcónaí i conas mar a oibríonn gach rud, agus thug na hábhair eolaíochta na freagraí is fearr dom.

Diarmuid: Nuair a bhí mé óg bhí a lán céisteanna agam, agus d'fhreagar leabhar eolaíochta mo chuid ceisteanna faoin domhan.

**An fiú na 3 ábhar a staidéar?**

Bailey: Dá mbeadh suim agat 'sna hábhair mholfainn iad a dhéanamh.

Diarmuid: Céapaim go bhfuil mar tá nasc idir na hábhair, agus faigheann tú breis tuisceana nuair a dhéanann tú an topaic céanna ó radharc difriúla.

**Cad iad na buanna a bhaineann leis na hábhair?**

Tugann siad scileanna praiticiúla agus eolaíochta dúinn agus músclaíonn siad sinn chun tuilleadh eolais a fhiosrú. Cabhraíonn na hábhair lena chéile mar shampla an mhata leis an bhfisic agus an bhitheolaíocht leis an gceimic.

**Ar ghlac sibh páirt in aon chomórtas ?**

Tráth na gceist ISTA i UCC agus Tráth na gCeist Pfizer.

**An gcabhraíonn na comórtaisí seo libh?**

Cabhraigh tráth na gceist Pfizer linn ach go háirithe ó thaobh cruinnis de agus is spreagadh eile iad i gcomhair breis staidéir.

**Go n-éirí libh san Ard Teist!**

# Tráth na gCeist

Ghlac daltaí ón tríú bliain páirt i dTráth na gCeist Staire an HTAI (Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann). Bhí suas agus anuas le daichead foireann san iomaíocht. Bhí na ceisteanna bunaithe ar chúrsa staire bhliain a haon, dó agus a trí agus ba iontach an dul siar é don Teastas Sóisearach. Triail ceann tú féin, bunaithe ar chúrsa staire bhliain a dó. Ceist: Cén racghrúpa Breatanach atá ainmnithe i ndiaidh duine a chruthaigh druilire síol le linn na Ré-abhlóide Thionsclaíoch (freagra ag deireadh an ailt seo). D'éirigh go han-mhaith leis an dá fhoireann ó Choláiste Daibhéid. Bhain siad an-taitneamh as an eispéaras agus bhuaigh an dá fhoireann spotdhuais airgid. Freagra na ceiste: Jethro Tull.





Antóin Ó Trinliúin, Bríd Clesham, Aindriú Ó Tu-irnéir, Colm Ó Murchú, Lúcás Campion, Ay'sha Ní Mhórdha agus Óran Ó Caoimh i láthair ag Tráth na gCeist an HTAI ag Mount Mercy College.



# Turas Na hIdirbhliana Chuig SR Technics

Bhain muintir na hIdirbhliana an taitneamh as an turas a thug siad chuig SR Technics. Comhlacht innealtóireachta atá i gceist a dhéanann na hinnill de scairdeitleán a dheisiú. Dhein Cory agus John gach gné den phóiséas a thaispeáint agus a mhíniú dos na daltaí. Gnéithe cosúil le glanadh, sraitheanna de ceramis agus platanam a chur ar na comhábhair, táthú creimnéala agus i bhfad níos mó! Lá spraoiúil agus oideachasúil a bhí ann.











# Coicís na Gaeilge 2014

Ba cheiliúradh den scoth í Coicís na Gaeilge i mbliana. I measc na mórimeachtaí bhí Cluichí Ocrais, Ollchéilidh i gColáiste Muire, Mainistir Thuaidh, Clár Raidió, Tóraíocht Taisce agus Ceol Beo Laethúil ag na sosanna. Cuireadh tús le himeachtaí le Tráth na gCeist Bord. Ghlac daltaí na cúigiú bliana agus daltaí na hidirbhliana ar fad páirt ann. Bhí caighdeán na bhfreagraí agus caighdeán na Gaeilge fíor ard ag an bhfiche foireann agus bhaineadar an-sult as an ócáid.
Ghlac daltaí na céad bliana agus na dara bliana páirt i gcomórtais seanfhocal, filíochta agus ealaíne. Bhí maisiú iontach déanta ar na ballaí laistigh agus lasmuigh. Bhain daltaí na céad bliana an–taitneamh as an Toraíocht Taisce nuair a bhí orthú léarscáil a leanúint agus taiscí a aimsiú ar fud na scoile.
Ghléas na daltaí agus múinteoirí ar fad don Lá Glas agus eagraíodh Comórtas Chístí Cupán sna ranganna Eacnamaíocht Bhaile. Chabhraigh Ceoltóirí na Scoile go mór le hatmaisféar Gaelach a chruthú. Bhí orthú éalú go luath óna gcuid ranganna ag gach sos chun bheith réidh le seinnt nuair a bhuail an clog. Eagraíodh Féile Scannánaíochta chomh maith agus roghnaíodh scannáin den scoth do gach aoisghrúpa.
Thosaigh ullmhúcháin do na céilithe i mí Eanáir nuair a rinne daltaí na céad bliana Ceardlanna Damhsa gach Aoine ar feadh míosa le cabhair Niamh Marie ó Scoil Damhsa Gaelach Attridge. Bhí seans ag daltaí na céad bliana agus na dara bliana cleachtadh a bheith acu i gCéilidh Scoile an chéad sheachtain. Arís bhí craic agus spraoi ag gach éinne go mór mór le Damhsa na Deilbhe. Don Ollchéilidh shiúil ochtó dalta lena múinteoirí go dtí An Mhainistir Thuaidh. Fuaireadar fáilte Uí Cheallagh ó phobal Choláiste Mhuire. Bhí áthas ar na daltaí casadh arís i mbliana. Tar éis a bheith ag damhsa an tráthnóna ar fad shiúladar abhaile arís. Níor chuir an bháisteach fiú isteach ar spiorad iontach an lae sin.
Ghlac roinnt daltaí páirt i gComórtas Chlár Raidió eagraithe ag Gael Linn agus rinneadh an taifeadadh i gColáiste Naomh Eoin. Beidh an Clár Raidió á chraoladh ag Gael Taca chomh maith.
Ba é "Cluichí Ocrais " an rud ba thaitneamhaí mar bhí seans ag gach rang a bheith páirteach. Iomaíocht idir ranganna a bhí i gceist mar phiocadh beirt as gach rang chun roinnt dúshlán a bhaint amach dá rang agus bhí sceitimíní orthu ar fad ó thús go deireadh. Bhí an bua ag daltaí na hardteiste.
Bhailigh gach éinne le chéile arís ag deireadh na coicíse do Bhronnadh na nDuaiseanna. Tugadh ardmholadh do dhaltaí a thaispeáin ardmheas sa Ghaeilge. Moladh freisin na daltaí ar fad a labhair Gaeilge i rith na bliana mar chuid de Chomórtas Labhairt na Gaeilge. Bronnadh T- léinte breátha le mana Gaeilge ar na buaiteoirí ar fad. Táimid ag tnúth cheana féin leis an gcéad bhliain eile.
Ba mhian linn ár mbuíochas a ghabháil as an tacaíocht ar fad le príomhoide, príomhoide tánaisteach, múinteoirí, pobal na scoile tuismitheoirí, daltaí agus gach éinne a chabhraigh linn in aon slí.






# Coicís na Gaeilge 2014









# Seachtain Spóirt 2014













# Seachtain Spóirt 2014











# Lá Bronnta 2012/2013

Bhí Lá Bronnta 2012/13 ar siúl in Ostán Clarion, chun aitheantas a thabhairt dos na h-éachtaí bhí bainte amach ag daltaí Choláiste Daibhéid.
Bhí slua mór i láthair agus bronnadh roinnt mhaith duaiseanna ag an ocáid speisialta seo a chuireann gach gné den saol scoile san áireamh.
Bronnadh Gradam Daibhéid ar Niamh Wedel i mbliana.

Comghairdeachas leis na daltaí uile, a gcuid tuistí agus múinteoirí as an éacht atá déanta acu.



An slua ag éisteacht le gach aon fhocal!



Na buaiteoirí ar fad ar Lá Bronnta 2012/13 in éineacht leis an Leas Phríomhoide agus an Príomhoide.



Bronnann Iníon Uí Longaigh (Leas Phríomhoide) agus an tUasal Ó Laighin (Príomhoide) Gradam Daibhéid ar Niamh Wedel.



## Ag Teacht agus ag Imeacht

Cuireann an fhoireann scoile fáilte croíúil roimh an tUasal Pól Ó Síodhcháin a cheapadh mar Leas Phríomhoide agus a tháinig chugainn i mí Eanáir.
Ag an am céanna dfhágamar slán le hIníon Uí Longaigh.
Guímid gach rath orthu ina bpostanna nua.



## Slán Libh!!



**Fágaimid Slán le Rang na hArdteiste 2013/2014.**
Go néirí go geal leo sa todhcaí agus beidh doras an choláiste ar oscailt dóibh i gcónaí!